



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Eanáir 2017
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0357 (COD)**

**14082/16
ADD 1**

**FRONT 426
VISA 351
DAPIX 198
CODEC 1586
COMIX 725**

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	16 Eanáir 2017
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2016) 731 final - IARSCRÍBHINN 1
Ábhar:	IARSCRÍBHINN Ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/794 agus (AE) 2016/1624

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2016) 731 final -
IARSCRÍBHINN 1.

Faoi iamh: COM(2016) 731 final - IARSCRÍBHINN 1



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.11.2016
COM(2016) 731 final

ANNEX 1

IARSCRÍBHINN

Ráiteas airgeadais reachtach

a ghabhann leis an

togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

**lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)
agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/794 agus
(AE) 2016/1624**

IARSCRÍBHINN

Ráiteas airgeadais reachtach

a ghabhann leis an

togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/794 agus (AE) 2016/1624

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS).

1.3. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB¹

Réimse beartais: Gnóthaí Baile (teideal 18)

[...]

1.4. An cineál togra/tionscnaimh

Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart²**

Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

1.5. Cuspóirí

1.5.1. *Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

¹ ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí – ABB: Buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

² Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

- Bainistiú teorainneacha – beatha a shábháil agus teorainneacha seachtracha a dhaingniú

Córas uathoibríthe a bheidh i gceist le ETIAS a chruthófar chun aon riosca a bhaineann le cuairteoirí atá díolmhaithe ó cheanglas víosa ag taisteal chuig limistéar Schengen a aithint. Baileoidh ETIAS faisnéis faoi na taistealaithe sin sula dtosaíonn siad amach ar a dturas, chun próiseáil roimh ré a dhéanamh. Leis an gcóras sin, is féidir muinín a bheith ag taistealaithe go bhféadfaidh siad na teorainneacha a thrasnú gan fadhb.

- Malartú faisnéise a fheabhsú

Chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chosc, is sár-riachtanach iad caighdeáin chomhchoiteanna arda do bhainistiú teorainneacha, caighdeáin atá ag teacht go hiomlán le prionsabal an smachta reachta agus cearta bunúsacha.

Tá an togra seo mar chuid d'fhorbairt leanúnach ar Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Bainistiú Comhtháite Teorainneacha.

1.5.2. *Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

Sainchuspóirí

Is iad sainchuspóirí ETIAS:

- cuidiú chun ardleibhéal slándála a áirithiú, trí mheasúnú críochnúil a dhéanamh ar riosca slándála na n-iarrthóirí, sula sroicheann siad na pointí trasnaithe teorann, d'fhonn a chinneadh an bhfuil tásca fíorasacha nó cúiseanna réasúnacha ann chun a cheapadh go mbeadh riosca slándála i gceist dá ligfí isteach i gcríoch na mBallstát iad;

- cuidiú chun imirce neamhrialta a chosc trí fhoráil a dhéanamh go ndéanfaí measúnú riosca imirce neamhrialta ar iarrthóirí sula sroicheann siad pointí trasnaithe na dteorainneacha seachtracha;

- cuidiú chun sláinte phoiblí a chosaint trí mheasúnú riosca sláinte poiblí a dhéanamh ar iarrthóirí sula sroicheann siad pointí trasnaithe na dteorainneacha seachtracha;

- éifeachtacht seiceálacha teorann a fheabhsú;

- tacú le spriocanna Chóras Faisnéise Schengen (SIS) a bhaint amach maidir le foláireamh i leith daoine a bhfuil tóir orthu lena ngabháil nó chun críocha géillte nó eiseachadta, daoine atá ar iarraidh, daoine a bhfuil tóir orthu chun cúnaimh a thabhairt i gcás cúirte nó daoine a bhfuiltear ag iarraidh seiceálacha rúnda nó seiceálacha sonracha a dhéanamh ina leith;

- cuidiú chun cionta sceimhlitheoireachta agus cionta tromchúiseacha coiriúla eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

An chaibidil maidir le Slándáil agus Saoirsí a Chosaint: Slándáil Inmheánach

1.5.3. *An toradh agus an tionchar a bhfuiltear ag súil leo*

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Is iad na cuspóirí ginearálta beartais:

- (1) Bainistiú comhtháite teorainneacha a neartú agus slándáil inmheánach a fheabhsú,
- (2) Cuidiú chun taisteal a éascú,

Is é príomhfheidhm ETIAS seiceáil a dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuireann náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa isteach, trí iarratas ar líne a dhéantar sula sroicheann siad teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh. Seiceálfar an bhfuil rioscaí i gceist leo ó thaobh imirce neamhrialta, slándáil nó sláinte phoiblí de. Dhéanfaí an tseiceáil sin trí gach iarratas a phróiseáil i gcoinne chórais eile faisnéise de chuid AE, sainliosta faire de chuid ETIAS agus rialacha maidir le scagadh. Ar bhonn an mheasúnaithe sin, d'fhéadfaí a chinneadh nach bhfuil aon tásca fíorasacha ná cúiseanna réasúnacha a chuirfeadh bac ar údarú taistil a eisiúint.

Trí údarú bailí taistil a éileamh ar gach náisiúnach tríú tíre atá díolmhaithe ó víosa, cinnteoidh an tAontas Eorpach go ndéanfar seiceáil ar gach cuairteoir sula sroicheann siad an teorainn.

Ar an gcaoi sin, neartóidh ETIAS slándáil inmheánach AE ar dhá bhealach: sa chéad áit, daoine lena mbaineann riosca slándála a aithint sula sroicheann siad teorainn sheachtrach Schengen; agus sa dara háit, faisnéis a chur ar fáil d'údarais náisiúnta forghníomhaithe dlí agus Europol, nuair is gá.

Faoi láthair, tá 1.4 billiún duine as 60 tír ar fud an domhain i dteideal taisteal chuig an Aontas Eorpach gan ceanglas víosa. Tá méadú le teacht ar líon na náisiúnach tríú tír atá díolmhaithe ó víosa agus ag tabhairt cuairt ar thíortha Schengen, agus meastar go méadóidh líon na dtaistealaithe ó 30 milliún in 2014 go 39 milliún in 2020.

Léiríonn na figiúirí sin gur gá córas a chur ar bun atá fóirsteanach chun na rioscaí a bhaineann le náisiúnaigh ó thríú tíortha a thagann ar chuairt chuig AE a mheas agus a bhainistiú ó thaobh imirce neamhrialta agus rioscaí slándála de i gcomhréir le spriocanna beartais AE maidir le léirscaoileadh víosa.

Dá bhrí sin, tá gá le ETIAS freisin chun trasnú teorainneacha seachtracha Schengen a éascú do náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa. Gheobhaidís údarú ETIAS trí phróiseas iarratais simplí, tapa, ar chostas íseal, gan céimeanna breise fíoraithe sa chuid is mó de na cásanna. Nuair a bheidh an t-údarú taistil faighte ag na hiarrthóirí, beidh luath-tháscaire iontaofa acu go mbeidh cead isteach acu i limistéar Schengen. Feabhsúchán maith a bheidh ann do thaistealaithe i gcomparáid leis an staid reatha.

Fiú más faoi na gardaí teorann ag an teorainn sheachtrach a bheidh an cinneadh deiridh chun cead isteach i limistéar Schengen a thabhairt i gcomhréir le Cód

Teorainneacha Schengen, déanfaidh ETIAS laghdú mór ar líon na gcásanna ina ndiúltaítear cead isteach ag pointí trasnaithe teorann. Féadfaidh na gardaí teorann a sheiceáil an bhfuil údarú taistil faighte ag an gcuairteoir sular shroich siad an teorainn. I gcás daoine dá ndiúltaítear údarú, ní chuirfidh siad am ná airgead amú ag taisteal chuig limistéar Schengen. Ar an gcaoi sin, laghdóidh ETIAS na costais ar iompróirí chun paisinéirí a chur ar ais ó theorainneacha farraige agus aeir.

Sainchuspóirí beartais:

Is iad príomh-shainchuspóirí beartais ETIAS:

- (1) Éifeachtacht seiceálacha teorann a fheabhsú trí cheanglas a chur ar thaistealaithe atá díolmhaithe ó víosa údarú taistil a fháil roimh ré;
- (2) Measúnú comhordaithe aonfhoirmeach a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa, ag dul i gcomhairle leis na Ballstáit ábhartha nuair is gá;
- (3) Líon na gcásanna ina ndiúltaítear cead isteach ag teorainneacha seachtracha a laghdú, agus ualach oibre na ngardaí teorann a bhíonn ag déileáil leis na cásanna sin a laghdú dá réir;
- (4) Cuidiú chun cionta sceimhlitheoireachta agus cionta tromchúiseacha coiriúla eile a chosc, a bhrath agus a fhiosrú.

1.5.4. *Táscairí lena léireofar toradh agus tionchar*

Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

Le linn na forbartha

Tar éis an dréacht-togra a fhorghéas agus sonraíochtaí teicniúla a ghlacadh déanfaidh eu-LISA forbairt ar chóras faisnéise le haghaidh Chóras an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) (comhdhéanta de Lárchóras, Comhéadan Náisiúnta Aonfhoirmeach i ngach Ballstát, Bonneagar Cumarsáide slán idir an Lárchóras agus na Comhéadain Náisiúnta Aonfhoirmeacha, suíomh gréasáin poiblí agus feidhmchlár móibíleach do ghléasanna móibíleacha, seirbhís ríomhphoist, seirbhís shlán cuntais, geata iompróra, seirbhís líonra agus bogearraí a chuireann ar chumas Láraonad ETIAS agus Aonaid Náisiúnta ETIAS na hiarratais a phróiseáil).

Déanfaidh eu-LISA comhordú ar obair na mBallstát chun an Comhéadan Náisiúnta Aonfhoirmeach a chomhtháthú ag an leibhéal náisiúnta. Tá rialachas mionsonraithe foriomlán leagtha amach don chéim forbartha, chomh maith le riachtanais maidir le tuairisciú a dhéanamh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún.

Maidir le forbairt Chóras Faisnéise ETIAS, a oiread agus is féidir ó thaobh na teicneolaíochta de, bainfear leas as comhpháirteanna crua-earraí agus bogearraí ón gcóras dul isteach/imeachta. Nuair is féidir ó thaobh na teicneolaíochta de, roinnfidh Córas Faisnéise ETIAS agus an córas dul isteach/imeachta comhpháirteanna bogearraí agus crua-earraí. Go háirithe, forbrófar Comhéadan Náisiúnta

Aonfhoirmeach ETIAS mar fheidhmiúlachtaí nua de Chomhéadan Náisiúnta Aonfhoirmeach an chórais dul isteach/imeachta.

Cuirfidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta Láraonad ETIAS ar bun. Déanfaidh an Láraonad sin bainistíocht ar chomhaid iarratais ETIAS agus ar na sonraí atá stóráilte in ETIAS. Beidh Láraonad ETIAS freagrach as a fhíorú an bhfuil na sonraí sa chomhad iarratais ag teacht leis na sonraí sa taifead, comhad nó foláireamh atá cláraithe i gcóras faisnéise nó sa tacair sonraí réamhshocraithe de rialacha maidir le scagadh. Má tá na sonraí ag teacht lena chéile, nó má tá amhras fós ann maidir le haitheantas an iarrthóra, cuirfear an t-iarratas ar aghaidh chuig aonad náisiúnta ETIAS an Bhallstáit sprice le haghaidh a mheasúnaithe. Dá dhroim sin, beidh ar gach Ballstát aonad náisiúnta ETIAS a chur ar bun chun na comhaid iarratais a chuirtear ar aghaidh chucu a bhainistiú.

Sainchuspóir: Réidh i gcomhar oibríochtaí faoi 2021.

Táscaire: Sula gcuirfear i bhfeidhm é, thug eu-LISA fógra maidir le tástáil chuimsitheach rathúil ar ETIAS a chuirfidh an Ghníomhaireacht agus na Ballstáit i bhfeidhm. Thug an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta fógra go bhfuil an acmhainn ag an Láraonad chun an líon iarratas a bhfuiltear ag súil leis a láimhseáil agus tá fógra tugtha ag na Ballstáit go bhfuil a n-aonaid náisiúnta ullamh chun an líon iarratas a bhfuiltear ag súil leis a láimhseáil.

Nuair a bheidh an córas ag feidhmiú

Áiríteoidh eu-LISA go bhfuil córais ar bun chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú chóras faisnéise Chóras an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) de réir na spriocanna. Dhá bhliain tar éis don chóras teacht i bhfeidhm agus gach re bliain ina dhiaidh sin, ba cheart do eu-LISA tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil an chórais, lena n-áirítear slándáil an chórais, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiún.

Áiríteoidh Láraonad ETIAS go bhfuil na sonraí a stóráiltear sna comhaid iarratais agus i gCóras Lárnach ETIAS ceart agus chun dáta, déanfaidh siad bainistíocht ar na saintáscairí riosca agus ar liosta faire ETIAS agus déanfaidh siad iniúchadh rialta ar phróiseáil iarratas.

Ina theannta sin, trí bliana tar éis d'ETIAS teacht i bhfeidhm, agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar an gcóras ar fáil. Cumhdófar sa mheastóireacht fhoriomlán sin scrúdú ar na torthaí de réir na gcuspóirí agus de réir a dtionchar ar chearta bunúsacha, maille le measúnú ar bhailíocht leantach na bunreásunachta, ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar shlándáil ETIAS agus ar aon impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar oibríochtaí sa todhcháil agus déanfar pé moladh is gá. Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil ar an meastóireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Sainchuspóir: éifeachtacht seiceálacha teorann a fheabhsú trí cheanglas a chur ar thaistealaithe atá díolmhaithe ó víosa údarú taistil a fháil roimh ré.

Táscaire:

Céatadán na n-iarratas nár ceadaíodh trí uathphróiseáil, agus a láimhseáil an Láraonad agus/nó na haonaid náisiúnta, agus nach ceartúcháin iad ar bhotúin fhíorasacha ná imdhealú débhríochta iad (=réiteach na doiléire a éiríonn as duine eile leis an ainm céanna ar taifead i gceann de na bunachair sonraí a scrúdaíonn ETIAS).

Líon na n-údaraithe taistil a aisghairtear i ngeall ar fhaisnéis nuashonraithe i mbunachair sonraí ar a ndearna ETIAS rochtain.

Líon na gcásanna inar ceadaíodh údarú taistil, agus inar diúltaíodh cead isteach ag pointe trasnaithe teorann ina dhiaidh sin.

Sainchuspóir: Measúnú comhordaithe aonfhoirmeach a chinntiú do náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa, ag dul i gcomhairle leis na Ballstáit ábhartha nuair is gá.

Táscaire:

Céatadán na n-iarratas nár glacadh leo trí uathphróiseáil agus a rinne aonaid náisiúnta na mBallstát measúnú orthu i gcomparáid leis na luachanna sprice a socraíodh ar bhonn cleachtas reatha.

Sainchuspóir: Líon na n-uaireanta ar diúltaíodh cead isteach ag teorainneacha seachtracha a laghdú.

Táscaire:

Líon na n-iarratas a dhiúltaíodh ETIAS rompu i gcomparáid le líon na n-uaireanta a dhiúltaítear cead isteach do dhaoine faoi láthair ag pointí trasnaithe teorann.

Líon na dtaistealaithe a fuair údarú taistil agus ar diúltaíodh dóibh cead isteach ag pointe trasnaithe teorann.

1.6. Foras an togra/tionscnaimh

1.6.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma

(1) Beartas an Aontais Eorpaigh maidir le léirscaoileadh víosa a chosaint agus a chomhlánú. I gcás taistealaithe a bhfuil ceanglas víosa orthu, tá líon mór faisnéise ar fáil sula sroicheadh siad limistéar Schengen agus coimeádtar an fhaisnéis sin sa chóras faisnéise víosa ar feadh cúig bliana tar éis don víosa dul as feidhm. Ach i gcás taistealaithe ó thíortha atá díolmhaithe ó víosa, ní bhíonn aon fhaisnéis ar fáil sula dtrasnaíonn siad an teorainn. Caithfear “an bhearna faisnéise” maidir le taistealaithe atá díolmhaithe ó víosa a chúngú: nuair a dheonaítear tarscaoileadh víosa, bítear ag súil le riosca íseal inimirce, ach braitheann an riosca sin go mór ar an duine aonair,

agus ní féidir talamh slán a dhéanamh de go bhfuil riosca slándála íseal ann i ngach cás. Dá bhrí sin, caithfear acmhainn an Aontais Eorpaigh a neartú chun an riosca inimirce agus slándála atá i gceist le gach taistealaí atá díolmhaithe ó víosa a mheas.

(2) Caighdeán bainistíochta teorainneacha Schengen a choinneáil agus a fheabhsú, go háirithe ag teorainneacha talún. Mar chuid den mheasúnú slándála, imirce agus sláinte poiblí, cuirfidh ETIAS sraith bhreise de rialú sistéamach i bhfeidhm, i gcomparáid leis an méid atá ann faoi láthair, trí luathsheiceálacha a cheadú ar bhunachair sonraí ábhartha, sula sroicheann taistealaithe na teorainneacha seachtracha.

(3) Ar mhaithe le háisiúlacht taistil a fheabhsú. Déanfaidh ETIAS laghdú suntasach ar líon na gcásanna ina ndiúltaítear cead isteach. Maidir le daoine dá ndiúltaíodh údarú, ní chuirfidh siad am ná airgead amú chun taisteal chuig pointí trasnaithe teorann i limistéar Schengen. Laghdóidh ETIAS na costais ar iompróirí chun daoine a chur ar ais ó theorainneacha farraige agus aeir.

(4) Déantar an comhrac in aghaidh coireacht idirnáisiúnta, sceimhlitheoireacht agus bagairtí slándála a neartú.

1.6.2. *Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas AE*

Aithnítear sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce go bhfuil “bainistiú teorainneacha” ar cheann de na “ceithre cholún chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an imirce”. Má táthar chun teorainneacha seachtracha a dhaingniú agus iad a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla, ní mór úsáid níos fearr a bhaint as na deiseanna a chuireann córais agus teicneolaíochtaí TF ar fáil. Tá tairbhí i gceist don bhainistiú teorainneacha leis na trí chóras TF ar mhórsála atá ag AE cheana (Córas Faisnéise Schengen, an Córas Faisnéise Víosaí agus Eurodac). Nuair a chuirfear i bhfeidhm an córas dul isteach/imeachta, cuirfear feabhas ar éifeachtúlacht trasnú teorainneacha. Ach is í an fhaisnéis ar an doiciméad taistil an t-aon fhoinsé faisnéise atá ar fáil maidir le daoine atá díolmhaithe ó víosa. I gcás taistealaithe a thagann ar aerárthach nó ar muir, cuirfear sonraí API leis an bhfaisnéis sin. Faoin treoir mholta maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR), baileofar a gcuid sonraí PNR freisin má thagann siad isteach in AE ar aerárthach. I gcás daoine a thagann isteach in AE trí theorainneacha talún, níl aon fhaisnéis ar fáil sula sroicheann siad teorainn sheachtrach AE.

Líontar an bhearna sin le Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil, córas a bhaileoidh faisnéis maidir le taistealaithe atá díolmhaithe ó víosa sula sroicheann siad an teorainn. Ar an gcaoi sin, laghdófar an t-ualach oibre ar acmhainní rialaithe teorann agus déanfar tascanna agus gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le rialuithe teorann a uathoibriú. Cinnteoidh an t-uathoibriú sin go ndéanfar rialú aonfhoirmeach sistéamach ar thréimhse cheadaithe fanachta náisiúnaigh ó thríú tíortha. Iarrfar ar thaistealaithe sonraí áirithe a chur isteach i bhfoirm iarratais ar líne roimh an dáta taistil. Tar éis scagadh ar bhonn critéir riosca (e.g. critéir imirce agus slándála), tabharfar fógra dóibh cibé acu an nglactar nó an ndiúltaítear dá n-údarú taistil. Ceadófar an chuid is mó de na hiarratais faoi cheann cúpla nóiméid agus

déantar nasc leictreonach idir an cinneadh agus pas an taistealaí³. Agus paisinéirí ag taisteal in eitleán nó long, cuir i gcás, cinnteoidh na hiompróirí, ag an gcuntar seiceála isteach, an bhfuil sé de cheart ag an bpaisinéir dul ar bord an aerárthaigh nó an tsoithigh. Maidir le daoine ag teacht isteach trí theorainn talún i gcarr pearsanta nó ar an mbus nó an traein, seiceálfaidh na gardaí teorann an bhfuil an t-údarú taistil bailí.

Trí ETIAS a úsáid i gcomhpháirt leis na féidearthachtaí nua chun córais féinseirbhíse agus réitigh uathoibríocha agus leathuathoibríocha chun teorainneacha a rialú a úsáid, éascófar obair na ngardaí teorann agus cuideofar leo an méadú tuartha ar líon na dtrasnuithe teorann a sheasamh. Ó thaobh taistealaithe de, beidh sé níos éasca orthu an teorainn a thrasnú, toisc go laghdófar an t-am feithimh agus go ndéanfar seiceálacha teorann níos tapúla.

Cé go bhféadfaidh na Ballstáit a gcórais náisiúnta a choinneáil i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta slándála, féadfaidh na Ballstáit sonraí a rochtain faoi náisiúnaigh tríú tír a thrasnáigh teorainn sheachtrach AE trí Chóras an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil.

1.6.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Is féidir an méid seo a leanas a fhoghlaim ón taithí a fuarthas maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) agus den Chóras Faisnéise Víosáí (VIS):

1) Mar chosaint ar aon róchaiteachas nó moill de bharr athrú ar riachtanais, ní dhéanfar aon chóras nua faisnéise a fhorbairt i réimse an cheartais, na saoirse agus na slándála, go háirithe má bhaineann córas TF ar mhórsála leis, sula nglactar leagan deiridh na n-ionstraimí dlí lena leagtar amach cuspóir, raon feidhme, feidhmeanna agus mionsonraí teicniúla an chórais.

2) I gcás SIS II agus VIS, d'fhéadfaí forbairtí náisiúnta na mBallstát a cómhaoiniú faoin gCiste um Theorainneacha Seachtracha, ach ní beart riachtanach é sin. Dá bhrí sin, ní féidir forbhreathnú a thabhairt ar mhéid an dul chun cinn atá déanta sna Ballstáit sin nach ndearna foráil do na gníomhaíochtaí faoi seach ina gléareagrú ilbhliantúil nó a bhfuil easpa cruinnis ina gléareagrú. Ar an gcúis sin, moltar anois go n-aisíocfaidh an Coimisiún na costais comhtháite ar fad a thabhaíonn na Ballstáit, chun go bhféadfaí faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na spriocanna sin.

3) D'fhonn comhordú ginearálta an chur chun feidhme a éascú, ní hamháin go ndéanfaidh eu-LISA forbairt ar Chóras Faisnéise ETIAS, ach freisin ar an gComhéadan Náisiúnta Aonfhoirmeach (NUI) a úsáidfidh gach Ballstát chun an bonneagar náisiúnta TF do theorainneacha atá acu cheana a nascadh agus déanfaidh na hAonaid Náisiúnta an measúnú riosca agus déanfaidh siad cinneadh maidir leis na cásanna a chuirfidh an Láraonad ar aghaidh chuig na Ballstáit.

³ Is fiú a thabhairt faoi deara anseo gurb iondúil gur réamhchoinníoll é pas leictreonach a bheith ag taistealaithe chun clárú le scéim díolmhaithe ó víosa.

1.6.4. *Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Ba cheart go nglacfaí leis an togra seo mar chur chun feidhme ar na gníomhaíochtaí sa Teachtaireacht den 6 Aibreán 2016 maidir le *'Córais Faisnéise níos Láidre agus níos Cliste do Theorainneacha agus Slándáil'*⁴ ina leagtar béim ar an ngá atá ann go ndéanfaidh AE córais TF, struchtúr sonraí agus malartú faisnéise i réimse an bhainistithe teorainneacha, forghníomhú an dlí agus na frithsceimhlitheoireachta a fheabhsú.

Sa Teachtaireacht an 14 Meán Fómhair 2016 *'Enhancing security in a world of mobility: improved information exchange in the fight against terrorism and stronger external borders'*⁵ (An tslándáil a fheabhsú i ré na soghluaisteachta: malartú faisnéise feabhsaithe chun sceimhlitheoireacht a chomhrac agus teorainneacha seachtracha a neartú) deimhnítear go bhfuiltear ag tabhairt tosaíocht do theorainneacha a dhaingniú agus cuirtear i láthair tionscnaimh phraiticiúla chun freagairt AE a leathnú chun bainistíocht teorainneacha seachtracha a neartú. Fógraítear sa teachtaireacht go dtabharfaidh an Coimisiún tosaíocht d'fhorbairt ETIAS, agus go nglacfar togra reachtach chun córas den chineál sin a bhunú faoi Shamhain 2016, cinneadh a luaigh an tUachtarán Juncker ina óráid maidir le Staid an Aontais os comhair Pharlaimint na hEorpa an lá céanna⁶.

Ó thaobh cúrsaí oibríochta de, meastar go bhfuil an togra seo mar chuid den fhorbairt leanúnach ar Straitéis ar Bhainistíocht Chomhtháite Teorainneacha de chuid an Aontais Eorpaigh, agus i gcomhpháirt le teorainneacha ISF⁷, mar chuid den chreat airgeadais ilbhliantúil, Rialachán bunaidh eu-LISA⁸ agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta⁹. Cuimsíonn an ráiteas airgeadais a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh eu-LISA¹⁰ na costais a bhaineann leis na córais TF EURODAC, SIS II, VIS atá ann faoi láthair a chothabháil, ach ní le haghaidh córas todhchaí um bainistíocht teorann nach leagtar mar chúram ar an nGníomhaireacht faoi chreat dlíthiúil. Cuirfidh Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) leis an gcóras faisnéise víosaí agus an córas

⁴ COM(2016) 205 leagan deiridh.

⁵ COM(2016) 602 leagan deiridh.

⁶ Tá an óráid ar fáil anseo: http://europa.eu/rapid/press-release_SPEECH-16-3043_en.htm

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 574/2007/CE.

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 lena mbunaítear Ghníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscéala TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais. Airteagal 1.3 “Féadfar freagracht a chur ar an nGníomhaireacht freisin as ullmhú, forbairt agus bainistiú oibríochtúil córas mórscéala TF seachas na córais sin dá dtagraítear i mír 2 sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais i gcás dá bhforáiltear amhlaidh le hionstraimí reachtacha ábhartha...”.

⁹ Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle.

¹⁰ COM(2010)93 an 19 Márta 2010.

dul isteach/imeachta¹¹. Ní áirítear sa chóras faisnéise víosaí ach iarratais ar víosa agus víosaí eisithe, stórálfaidh an córas dul isteach/imeachta sonraí teacht isteach agus imeachta a bhaineann leis na víosaí atá eisithe, agus beidh faisnéis in ETIAS maidir le náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó víosa.

Ní chuimsíonn an ráiteas airgeadais reachtaíochta a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta measúnú riosca a dhéanamh ar iarratais ó thaistealaithe atá díolmhaithe ó víosa toisc nár leagadh de chúram ar an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta cinntí a dhéanamh i dtaobh taistealaithe faoi leith.

¹¹ Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le rochtain d'údaráis ainmnithe de chuid Ballstát agus Europol ar an gcóras faisnéise víosaí (VIS) a cheadú chun críoch cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gcóras faisnéise víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Ballstáit (Rialachán VIS).

1.7. Fad agus tionchar airgeadais

- Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**
 - Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
 - Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB
- Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**
 - Céim ullmhúcháin 2017,
 - Cur chun feidhme le linn na tréimhse tosaigh ó 2018 go 2020,
 - agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán in 2021 é.

1.8. Modhanna bainistíochta atá beartaithe¹²

- Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún
 - ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
 - trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;
- Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit
- Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:
 - tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
 - eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (le sonrú);
 - BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
 - comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;
 - comhlachtaí dlí poiblí;
 - comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

¹² Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: <https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>

- comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

Is é an Rialacháin teorainneacha um Chiste Slándála Inmheánaí an ionstraim airgeadais ina bhfuil an buiséad chun an pacáiste teorainneacha cliste a chur chun feidhme.

In Airteagal 5, déantar foráil maidir le EUR 791 milliún a chur ar fáil trí chlár chun córais TF a bhunú a thacaíonn le bainistiú sreabha imirce thar teorainneacha seachtracha faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15. As an EUR 791 milliún sin, forchoimeádtar EUR 480 milliún chun an córas dul isteach/imeachta a fhorbairt. Úsáidfear cuid den mhéid atá fágtha, EUR 311 milliún, le haghaidh ETIAS.

Maidir leis na modhanna cur chun feidhme, forálann Rialachán Teorann ISF mar seo a leanas:

Foráiltear le hAirteagal 5(4) go ndéanfar ‘*modh/modhanna cur chun feidhme an bhuiséid le haghaidh an chláir maidir le forbairt córais TF, atá bunaithe ar chórais TF atá ann cheana agus/nó córais TF nua, a leagan amach i ngníomhartha reachtacha ábhartha an Aontais faoi réir a nglactha*’.

Foráiltear le hAirteagal 15 mar seo a leanas: ‘*Cuirfear an clár maidir le forbairt na gcórais TF, atá bunaithe ar chórais TF atá ann cheana agus/nó córais TF nua, chun feidhme faoi réir gníomhartha reachtacha an Aontais a ghlacadh ina sainmhínítear na córais TF sin agus a mbonneagar cumarsáide a bhfuil sé d’aidhm acu, go háirithe, feabhas a chur ar bhainistiú agus ar rialú sreabha taistil ag na teorainneacha seachtracha trí na seiceálacha a neartú agus dlús a chur le trasnuithe teorann do thaistealaithe rialta. I gcás inarb iomchuí, déanfar sineirgí le córais TF atá ann cheana a lorg chun caiteachas dúbailte a sheachaint.*

Maidir le miondealú an mhéid dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 5(5), déanfar é i ngníomhartha reachtacha ábhartha de chuid an Aontais nó, tar éis na gníomhartha reachtacha sin a ghlacadh, trí ghníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 17.’

Is iad seo a leanas na modhanna cur chun feidhme atá beartaithe:

1) **Bainistíocht indíreach:** Le linn na tréimhse 2018-2020, déanfaidh eu-LISA Córas Faisnéise ETIAS a fhorbairt. Cuimseoidh sé sin cuid de gach snáithe TF den tionscadal, i.e. Lárchóras, Comhéadan Náisiúnta Aonfhoirmeach i ngach Ballstát, bonneagar cumarsáide slán idir an Lárchóras agus an Comhéadan Náisiúnta Aonfhoirmeach, suíomh gréasáin poiblí agus aip do ghléasanna móibileacha, seirbhís ríomhphoist, seirbhís shlán cuntais, geata iompróra, seirbhís ghréasáin agus bogearraí a chumasaíonn Láraonad ETIAS agus Aonaid Náisiúnta ETIAS chun na hiarratais a phróiseáil. Le linn na tréimhse oibríochtaí a thosóidh in 2021,

déanfaidh eu-LISA gach gníomhaíocht theicniúil a bhaineann le Córas Faisnéise ETIAS a chothabháil.

Ó 2018 i leith, tá sé beartaithe go n-aistreofaí EUR 100.8 milliún ón gCiste um Shlandáil Innheánach chuig líne buiséid eu-LISA chun na gníomhaíochtaí a reáchtálfar le linn na tréimhse forbartha a chumhdach.

In 2020, cuirfidh an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta Láraonad ETIAS ar bun. Cuimseoidh sé sin spás oifige a ullmhú, an trealamh TF a úsáidfidh na baill foirne a fháil agus a shuiteáil agus earcaíocht agus oiliúint do bhaill foirne an Láraonaid. Le linn na tréimhse oibríochtaí a thosóidh in 2021, déanfaidh Láraonad ETIAS na gníomhaíochtaí oibríochtúla a bhaineann le próiseáil iarratas ETIAS a mhínítear in Airteagal 7.

In 2020, tá sé beartaithe go n-aistreofar EUR 12.3 milliún ar fad ón gCiste um Shlandáil Innheánach chuig líne buiséid an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh chun na gníomhaíochtaí a reáchtálfar le linn na tréimhse forbartha a chumhdach.

2) **Bainistíocht chomhroinnte ó DG HOME:** Le linn na céime forbartha (2018-2020), íocfaidh an Coimisiún EUR 92.3 milliún san iomlán chun na costais a bhaineann le comhtháthú agus le feidhmiú Chomhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta na mBallstát a chumhdach. In 2020, cuirfidh na Ballstáit na hAonaid Náisiúnta ETIAS ar bun. Cuirfear EUR 4.2 milliún ar fáil trí chlár náisiúnta an Chiste um Shlandáil Innheánach chun na críche sin. Cuimseoidh sé sin trealamh TF a fháil agus a shuiteáil a úsáidfidh na baill foirne agus earcaíocht agus oiliúint do bhaill foirne an láraonaid. Le linn na n-oibríochtaí a thosóidh in 2021, cuirfidh na Ballstáit na baill foirne is gá ar fáil do na hoibríochtaí sin (24 uair/24 uair) agus déanfaidh aonaid náisiúnta ETIAS na gníomhaíochtaí oibríochtúla a bhaineann le hiarratais ETIAS ar a ndéantar cur síos in Airteagal 8. Socrófar na méideanna in aghaidh gach Ballstáit in Iarscríbhinn leis an Rialachán agus cuirfear chun feidhme iad ar an mbealach is cuí chun na spriocanna oibríochtúla a bhaint amach.

Úsáidfean an chuid eile den líne buiséid Teorainneacha Cliste (EUR 311 milliún EUR 209.9* milliún, buiséad ETIAS = EUR 100.8 milliún) de réir mar atá sainithe in Airteagal 5(5) b de Rialachán (AE) Uimh 515/2014 (ISF-B).

**Cuirtear na costais faoi Cheannteideal 5 as an áireamh*

Bloic	Céim forbartha (2018-2020)	Céim oibríochtaí (2021)	Mód bainistíochta	Gníomhaire
Líonra	X	X	Indíreach	Eu-LISA
Forbairt agus cothabháil an lárchórais	X	X	Indíreach	Eu-LISA

Lárchóras oibríochtaí		X	Indíreach	EBCGA
Forbairt an Chomhéadain Náisiúnta Aonfhoirmigh (NUI)	X		Indíreach	Eu-LISA
Comhtháthú an Chomhéadain Náisiúnta Aonfhoirmigh le linn na forbartha	X	X	Comhroinnte	COM
Cothabháil na gcóras náisiúnta	X	X	Comhroinnte	COM

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo

Déantar cur síos ar na rialacha maidir le forbairt agus bainistíocht theicniúil chóras faisnéise Chóras an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) i gCaibidil XIII (agus in Airteagal 63 agus Airteagal 64) den togra. Déantar cur síos ar na rialacha maidir le monatóireacht agus measúnú in Airteagal 81:

1. Áiritheoidh eu-LISA go mbeidh nósanna imeachta ann chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an chórais dul isteach/imeachta de réir cuspóirí a bhaineann le pleanáil agus costais agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú ETIAS de réir cuspóirí a bhaineann le haschur teicniúil, cost-éifeachtúlacht, slándáil agus cáilíocht seirbhíse.

2. Laistigh de shé mhí tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm agus gach sé mhí ina dhiaidh sin le linn chéim forbartha chóras faisnéise ETIAS, cuirfidh eu-LISA tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt an lárchórais, na gcomhéadan aonfhoirmeach agus an bhonneagair cumarsáide idir an Lárchóras agus na comhéadain aonfhoirmeacha. Ach críoch curtha leis an bhforbairt, cuirfear tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar a mhíniú go mionsonrach cé mar a baineadh amach na cuspóirí, go háirithe i dtaca le pleanáil agus costas, agus ina dtabharfar údar maith i gcás inar imíodh óna raibh socraithe.

3. Chun críocha cothabhála teicniúla, beidh rochtain ag eu-LISA ar an bhfaisnéis is gá maidir leis na hoibríochtaí próiseála sonraí arna ndéanamh i gcóras faisnéise ETIAS.

4. Dhá bhliain tar éis do ETIAS teacht i bhfeidhm agus gach re bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh eu-LISA tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil chóras faisnéise ETIAS, lena n-áirítear slándáil ETIAS, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiún.

5. Trí bliana tar éis do ETIAS teacht i bhfeidhm, agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar ETIAS agus déanfaidh sé aon mholtaí is gá. Áireofar sa mheastóireacht fhoriomlán: na torthaí a bhain ETIAS amach ag féachaint dá chuspóirí, dá shainordú agus dá chúraimí; tionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht fheidhmíocht ETIAS agus a chleachtas oibre i ndáil lena chuspóirí, lena shainordú agus lena chúraimí; na rialacha don phróiseálaí feidhmchlár uathoibríthe a úsáidfear chun measúnú riosca a dhéanamh; an gá a d'fhéadfadh a bheith ann chun sainordú Láraonad ETIAS a mhodhnú; na himpleachtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag aon mhodhnú den sórt sin; an tionchar ar chearta bunúsacha.

Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil ar an meastóireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

6. Tabharfaidh na Ballstáit agus Europol do eu-LISA agus do Láraonad ETIAS pé faisnéis is gá chun na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 4 agus i mír 5 a dhréachtú de réir na dtáscairí cainníochtúla a réamhshaineoidh an Coimisiún agus/nó eu-LISA. Ní chuirfidh an fhaisnéis sin aon mhodh oibre i gcontúirt agus ní bheidh faisnéis ar áireamh inti ina nochtfar foinsí, céannacht baill foirne ná imscrúduithe na n-údarás ainmnithe.

7. Cuirfidh eu-LISA agus Láraonad ETIAS an fhaisnéis is gá ar fáil don Choimisiún chun na meastóireachtaí foriomlána dá dtagraítear i mír 5 a dhéanamh.

8. Agus urraim á tabhairt d'fhorálacha an dlí náisiúnta maidir le faisnéis íogair a fhoilsiú, ullmhóidh gach Ballstát agus Europol tuarascálacha bliantúla maidir le héifeachtacht na rochtana ar shonraí chóras faisnéise ETIAS ina mbeidh faisnéis agus staidreamh, chun críocha fhorghníomhú an dlí, faoi na nithe seo a leanas:

- cad go baileach is cuspóir don tseiceáil, lena n-áirítear an cineál ciona sceimhlitheoireachta nó an cineál ciona thromchúisigh choiriúil,

- na forais réasúnacha a tugadh maidir leis an amhras a bhfuil údar leis go bhfuil amhrastach, déantóir nó íospartach cumhdaithe ag an Rialachán seo;

- an líon iarratas ar rochtain ar chóras faisnéise ETIAS chun críocha fhorghníomhú an dlí;

- an líon agus na cineálacha cásanna inar éirigh leis na húdarais an duine a aithint;

- eolas faoin ngá agus faoin úsáid a bhaintear as an gcás práinne eisceachtúil, lena n-áirítear na cásanna sin nár glacadh leis an bpráinn sin iontu san fhíorú *ex post* arna ndéanamh ag an lárphointe rochtana.

Tarchuirfeadh tuarascálacha bliantúla na mBallstát agus Europol chuig an gCoimisiún faoin 30 lá de Mheitheamh na bliana dar gcionn.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. Na rioscaí a aithníodh.

1) Deacrachtaí le forbairt theicniúil an chórais

D'fhéadfadh comhéadain bhreise i Lárchóras de chuid Chóras an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil a bheith ag teastáil do pháirtithe leasmhara ar nós a) iompróirí aeir agus iompróirí loinge agus b) le bainc chun faisnéis cárta creidmheasa a bhailiú c) taistealaithe a mbeidh ceanglais shonracha slándála ag teastáil ina leith. D'fhéadfadh sé a bheith casta ardán mór riaracháin a ritheann 24/7 a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar an gcóras agus bainistíocht a dhéanamh ar na cásanna ina mbeidh cóireáil de lámh ag teastáil, chomh maith le bunú rialacha uathoibríthe a ligfidh d'iarratais a mheas.

Beidh córais náisiúnta TF na mBallstát atá difriúil ó thaobh cúrsaí teicniúla de. Ina theannta sin, d'fhéadfadh próisis rialaithe teorann a bheith éagsúil ag brath ar na

cúinsí áitiúla (spás ar fáil ag an bpointe trasnaithe teorann, sreafaí taistil, etc.). Ní mór ETIAS a bheith comhtháite in ailtireacht náisiúnta TF agus sa phróiseas náisiúnta rialaithe teorann. Freisin, ní mór do chomhtháthú comhéadain náisiúnta aonfhoirmigh a bheith ailínithe go hiomlán leis na riachtanais lárnacha.

Tá riosca ann fós nach gcuirfidh Ballstát amháin agus Ballstát eile gnéithe teicniúla agus dlíthiúla de ETIAS i bhfeidhm ar an mbealach céanna, de bharr easpa comhordaithe idir na taobhanna lárnacha agus náisiúnta. Ba cheart go ndéanfadh coincheap an chomhéadain úsáideora náisiúnta an riosca sin a mhaolú.

2) Deacrachtaí le forbairt thráthúil

Ar bhonn an taithí a fuarthas agus an córas faisnéise víosa agus SIS II á bhforbairt, is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh cumas an chonraitheora sheachtraigh an córas a fhorbairt go tráthúil ina fhachtóir mór i bhforbairt rathúil ETIAS. Mar ionad barr feabhais i réimse fhorbairt agus bhainistiú chóras TF ar mhórsála, beidh eu-LISA freagrach as conarthaí a bhronnadh agus a bhainistiú, go háirithe i gcomhthéacs fhorbairt an chórais a chur amach ar conradh. Tá roinnt rioscaí a bhaineann le conraitheoir seachtrach a cheapadh don chineál oibre forbartha seo:

a) go háirithe, an riosca nach leithdháilfeadh an conraitheoir dóthain acmhainní don tionscadal nó go ndearfadh nó go bhforbródh sé córas nach bhfuil úrscothach;

b) an riosca nach gcloífi go hiomlán le teicníochtaí agus modhanna riaracháin chun tionscadail TF ar mhórsála a láimhseáil chun costais an chonraitheora a laghdú;

c) faoi dheireadh, ní féidir a chur as an áireamh go hiomlán an riosca go mbeidh deacrachtaí airgeadais ag an gconraitheoir, ar chúiseanna nach mbaineann leis an tionscadal.

2.2.2. *Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm.*

Tá an Ghníomhaireacht beartaithe mar ionad barr feabhais chun córas TF ar mhórsála a fhorbairt agus a bhainistiú. Cuirfidh sí i gcrích na gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt agus oibríochtaí na coda lárnaí den chóras, lena n-áirítear comhéadain aonfhoirmeacha i mBallstáit agus i líonraí. Ar an mbealach sin, is féidir an chuid is mó de na fadhbanna a bhí ag an gCoimisiún agus é ag forbairt SIS II agus an córas faisnéise víosa a sheachaint.

